# 18 Fáltais ón gcáin charbóin a riar

**18.1** I mí Mheán Fómhair 2009, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chánachas tuarascáil inar cuimsíodh moladh go dtabharfaí isteach cáin charbóin ar bhreoslaí iontaise agus é mar réasúnaíocht leis athrú ar phatrúin tomhaltais agus éifeachtúlacht breosla araon a spreagadh.[1]

**18.2** Fógraíodh i mBuiséad 2010 go dtabharfaí isteach cáin charbóin ar bhreoslaí iontaise in Éirinn. Tháinig an cháin i bhfeidhm ar pheitreal agus ar mhótardhíosal le linn mhí na Nollag 2009. Leathnaíodh chuig olaí mianra eile agus gás nádúrtha in 2010 í agus chuig breoslaí soladacha in 2013.[2] Tá amlíne faoi éabhlóid na cánach le fáil in Iarscríbhinn 18A.

**18.3** Is sásra praghsála carbóin é córas cánach carbóin na hÉireann lena nasctar cánachas breoslaí iontaise go díreach lena n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin. Tá rátaí cánach carbóin bunaithe ar mhéid a mhuirearú in aghaidh an tonna dé-ocsaíde carbóin a astaítear nuair a dhóitear an breosla. (Le hIarscríbhinn 18B soláthraítear forléargas ar an gcur chuige i leith cánacha carbóin i ndlínsí eile.)

**18.4** Le Clár an Rialtais, 2020, gealladh go n-ardófaí bunús na rátaí cánach carbóin ó €26 go €100 in aghaidh an tonna dé-ocsaíde carbóin faoi 2030 (méid a mheastar a ardóidh €9.5 billiún i gcaitheamh na tréimhse 2021 – 2030) agus go n-úsáidfí an t-ioncam sin i gcláir chaiteachais shonracha, lena n-áirítear scéimeanna um 'aistriú cóir', iarfheistiú agus feirmeoireacht inbhuanaithe.[3] Tá na rátaí cánach carbóin atá i bhfeidhm faoi láthair bunaithe ar €56 in aghaidh an tonna dé-ocsaíde carbóin a mhuirearú.

**18.5** Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta an Phlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (an Roinn Caiteachais Phoiblí) freagrach as méaduithe ar chistí cánach carbóin a leithdháileadh ar na ranna ábhartha.

**18.6** Tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) freagrach as na cánacha carbóin a bhailiú, a fheidhmíonn mar dhleachtanna máil agus a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn féinmheasúnaithe. In 2023, bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim €5.7 billiún de ghlandleacht mháil. As an méid sin, b'ionann €935 mhilliún agus fáltais ón gcáin charbóin.

**18.7** Díríonn an t-imscrúdú seo ar

- na córais agus na gnásanna atá i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim chun measúnú agus bailiú tráthúil na gcánacha carbóin a éascú.
- cé acu atá nó nach bhfuil na méaduithe ar fháltais cánach carbóin ó 2020 á leithdháileadh agus á gcaitheamh ar na tionscnaimh shonraithe.

1 Le *Clár an Rialtais 2007 – 2012* bunaíodh an Coimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus oiriúnacht chóras cánachais na hÉireann agus, ar bhonn níos sonraí, chun breithniú a dhéanamh ar cheithre réimse agus moltaí a dhéanamh ina leith. Ar cheann de na réimsí céanna bhí imscrúdú a dhéanamh ar bhearta fioscacha chun an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear cáin charbóin a thabhairt isteach.


2 Tá feidhm ag cáin ola mianra maidir le breoslaí leachtacha agus gás nádúrtha a úsáidtear mar thiomántán. Tá feidhm ag cáin charbóin ar ghás nádúrtha maidir le gás nádúrtha a úsáidtear chun na gcríoch uile nach mbaineann le tiomántáin. Tá feidhm ag cáin charbóin ar bhreosla soladach maidir le gual, móin agus táirgí móna.

3 *Clár An Rialtais, Ár dTodhchaí le Chéile*, Meitheamh 2020.

## Fáltais cánach carbóin

**18.8** Idir 2020 agus 2023, is amhlaidh atá méadú faoi dhó i ndiaidh teacht ar fháltais cánach carbóin ó €494 mhilliún go €935 mhilliún (féach Fíor 18.1). Tá an cháin iníoctha trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) nó moChúrsaí (i gcás cáin charbóin ar ghás nádúrtha agus cáin charbóin ar bhreosla soladach). Feidhmíonn cáin ola mianra mar dhleacht mháil ach, murab ionann agus cáin charbóin ar bhreosla soladach agus cáin charbóin ar ghás nádúrtha, tá sí comhdhéanta de chomhpháirt charbóin agus comhpháirt neamhcharbóin.[1] Is í an chomhpháirt charbóin de cháin ola mianra atá i gceist le formhór mór na bhfáltas cánach carbóin, agus is amhlaidh ab ise a chuir le beagnach 87% den ioncam cánach carbóin in 2023.

**Fíor 18.1 Glanfháltais charbóin de réir ceannteideal cánach, 2020 go 2023**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

**18.9** Cé go bhfuil fáltais ó cháin charbóin ar bhreosla soladach ag dul i laghad de bheagán, tá méadú ag teacht ar fháltais ó cháin charbóin ar ghás nádúrtha agus, níos tábhachtaí fós, ón gcomhpháirt charbóin den cháin ola mianra. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé sin inchurtha i leith na méaduithe ar an ráta cánach carbóin i gcaitheamh na tréimhse 2020 go 2023 go príomha, toisc nár tháinig ach athruithe beaga ar thomhaltas iomlán olaí mianra agus gáis nádúrtha le linn na tréimhse sin.

## Clárú don cháin charbóin

**18.10** I bhFíor 18.2 tugtar léargas ginearálta ar riachtanais chláraithe do na máil ar leith a chuimsíonn an cháin charbóin.

- Tá feidhm ag cáin ola mianra (lena n-áirítear an chomhpháirt charbóin) nuair a scaoiltear breosla den chéad uair lena ídiú sa Stát. Tá clárú ag teastáil dóibh siúd atá ag barr an tslabhra soláthair, a scaoileann breosla ó thrádstórais chánach. Níl oibreoirí réamhchúirteanna a cheannaíonn breosla ó sholáthróirí sa Stát faoi dhliteanas i leith cáin ola mianra.
- I gcás cáin charbóin ar ghás nádúrtha, ní mór dóibh siúd a sholáthraíonn gás nádúrtha do thomhaltóirí (i.e. úsáideoirí deiridh) sa Stát clárú. Níl soláthairtí idir soláthróirí faoi réir na cánach.
- I gcás cáin charbóin ar bhreosla soladach, ní mór do sholáthróirí a dhéanann an chéad soláthar breosla sholadaigh sa Stát clárú. Níl soláthróirí a dhéanann soláthairtí dá éis sin faoi dhliteanas i leith na cánach.

4 Dóibh siúd atá faoi dhliteanas i leith cáin ola mianra, íocann siad méid amháin a chuimsíonn na heilimintí carbóin agus neamhcharbóin araon. Mar shampla, is é an ráta cánach ola mianra atá i bhfeidhm faoi láthair ar pheitreal €671.43 in aghaidh 1,000 lítear, is méid a chuimsíonn eilimint charbóin €129.59 in aghaidh an 1,000 lítear agus eilimint neamhcharbóin €541.84 in aghaidh an 1,000 lítear. Leagtar amach rátaí cánach ola mianra agus rátaí don chomhpháirt charbóin de cháin ola mianra i Sceidil 2 agus 2A den Acht Airgeadais, 1999 (arna leasú).

**Fíor 18.2 Athbhreithniú ar chlárúcháin le haghaidh cánach carbóin**

| | Cáin ola mianra (lena n-áirítear cáin charbóin) | Cáin charbóin ar ghás nádúrtha | Cáin charbóin ar bhreosla soladach |
|---|---|---|---|
| Clárú | Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)[a] | ROS nó tríd an bpost | Ríomhphost nó tríd an bpost |
| Arna fhaomhadh/phróiseáil ag | • Rannóg na gCorparáidí Móra (LCD) (i leith trádstórais ola)<br>• An Lár-Oifig Aisíocaíochtaí (le haghaidh cáiníocóirí atá ag iarraidh aisíocaíocht amháin) | • Faomhadh uathoibríoch (feidhmchláir ROS)<br>• LCD (le haghaidh foirmeacha páipéir) | Aonad sonrach laistigh d'Oifig an Ard-Bhailitheora |
| Fáltais chánach 2023 | €808 milliún | €107 milliún | €19 milliún |
| Cáiníocóirí cláraithe | 619[b] | 16 | 152 |
| Iniúchadh athbhreithnithe | 8 | 16 | 8 |
| Torthaí | Ceann ar bith | Ceann ar bith | Ceann ar bith |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Is cáiníocóir é coimeádaí trádstórais, arna fhaomhadh ag na Coimisinéirí Ioncaim, chun ola mhianra a fháil agus a stóráil i dtrádstóras cánach. Is ar LCD atá an fhreagracht as coimeádaithe trádstórais a chlárú le haghaidh cáin ola mianra mar chuid den phróiseas údaraithe trádstórais. Déantar an clárú ar leibhéal na cuideachta agus, mar sin de, ní theastaíonn ach clárú amháin ó thrádálaí, fiú má tá stórais iomadúla aige.

b Áirítear leis an bhfigiúr seo 25 oibreoir mór ag barr an tslabhra soláthair a scaoileann breosla lena ídiú ó thrádstórais chánach agus a bhfuil sé d'oibleagáid orthu clárú don cháin dá réir sin. Tá an chuid eile díobh cláraithe chun éileamh a dhéanamh ar aisíocaíochtaí cánach ola mianra a íocadh agus chun na críche sin amháin.

## Comhlíonadh

### *Cáin ola mianra*

**18.11** Ceanglaítear ar sholáthróirí atá faoi dhliteanas i leith cáin ola mianra tuairisceáin mhíosúla a chomhdú, agus an tuairisceán dlite 15 lá tar éis dheireadh na míosa, e.g. tá tuairisceán le haghaidh mhí an Mhárta dlite faoin 15 Aibreán. Leis an tuairisceán deimhnítear an dliteanas i leith na cánach ola mianra, lena n-áirítear an chomhpháirt charbóin. Tá an Brainse Mótair, Olaí agus Iompair i Rannóg na gCorparáidí Móra (LCD), de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus brainsí eile ar a bhfuil freagracht as trádstórais ola mianra, freagrach as rialuithe comhlíontachta ar thrádstórais ola mianra, lena n-áirítear comhlíontacht maidir le tuairisceáin agus íocaíocht.

**18.12** Íoctar cáin ola mianra ar bhonn láithreach trí íocaíochtaí 'laethúla'[1] nó ar bhonn iarchurtha[2] ar an 15ú lá den mhí ina dhiaidh sin. Déanann cásoibrithe i mBrainse Mótair, Olaí agus Iompair LCD monatóireacht ar mhinicíocht agus méideanna arna n-íoc ag trádstórais a dhéanann íocaíochtaí laethúla. Is sárú ar choinníollacha údaraithe an choimeádaí trádstórais é mainneachtain íocaíocht a dhéanamh nó tuairisceán a chur isteach.

1 Is minic a thagraítear do na híocaíochtaí seo mar íocaíochtaí laethúla, cé gurb amhlaidh, trí chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim, is féidir tréimhsí suas le seachtain a chumhdach leo.

2 Ní mór do choimeádaithe trádstórais iarratas a dhéanamh ar shocruithe íocaíochta iarchurtha agus tá faomhadh ag brath ar ráthaíocht airgeadais a bheith i bhfeidhm. Ní mór an ráthaíocht a bheith leordhóthanach chun 150% de mheándliteanas míosúil réamh-mheasta an trádálaí i gcaitheamh tréimhse dhá mhí dhéag a chumhdach, arna slánú suas mar is iomchuí.

**18.13** Má chreideann cásoibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim go ndearnadh gearríocaíocht, tabharfar faoi mheasúnú agus féadfar ús a mhuirearú ar aon dliteanas atá le híoc. Féadfar breithniú a dhéanamh freisin ar údarú an choimeádaí trádstórais agus ceadúnas an trádálaí ola mianra a chúlghairm. I gcás inar faomhadh coimeádaithe stórais le bheith ag oibriú ar bhonn íocaíocht iarchurtha ach nár chloígh siad leis na riachtanais maidir lena ndliteanas a chomhdú agus a íoc faoin dáta dlite, nó i gcás ina measann na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil an ráthaíocht urrúis a soláthraíodh leordhóthanach a thuilleadh, féadfar breithniú a dhéanamh ar a cheangal ar an gcoimeádaí trádstórais filleadh ar íocaíochtaí laethúla.

**18.14** Mhaígh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh ráta comhlíontachta 100% ann in 2023 i gcás na 25 cáiníocóir ar ceanglaíodh orthu tuairisceáin a chomhdú agus an cháin ola mianra a íoc (i.e. iad siúd a scaoileann breosla ó thrádstórais chánach) agus nach raibh gá le gníomh forfheidhmiúcháin dá réir sin.

### *Cáin charbóin ar ghás nádúrtha agus ar bhreosla soladach*

**18.15** Tugtar achoimre ar na riachtanais chomhlíontachta le haghaidh cáin charbóin ar ghás nádúrtha agus cáin charbóin ar bhreosla soladach i bhFíor 18.3.

**18.16** I gcaitheamh 2023, d’ardaigh na Coimisinéirí Ioncaim 285 meastachán do 92 cáiníocóir le haghaidh cáin charbóin ar bhreosla soladach. Astu sin, ní dhearna 220 duine íocaíocht agus, mar sin de, eisíodh litir éilimh dheiridh — rinneadh 214 íocaíocht de bhun na litreacha éilimh deiridh. Bhí gá le tuilleadh gníomh forfheidhmiúcháin sna sé chás a bhí fágtha — cuireadh ceithre chás dar luach díreach os cionn €165,000 ar aghaidh lena bhforfheidhmiú ag sirriam, cuireadh cás amháin dar luach beagnach €65,000 san iomlán ar aghaidh chuig aturnae lena fhorfheidhmiú agus eisíodh fógra astaithe amháin dar luach beagnach €117,000.[1]

1 I gcás nach ndéantar íocaíocht de bhun litir éilimh dheiridh, tá cumhachtaí astaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ciallaíonn sé sin má tá airgead dlite don cháiníocóir, go bhféadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a cheangal go n-íocfar an t-airgead atá dlite don cháiníocóir leis na Coimisinéirí Ioncaim ina ionad sin. Áirítear leis sin tuarastal ó fhostóir nó airgead atá dlite ó ghníomhaireacht Stáit.

**Fíor 18.3 Riachtanais chomhlíontachta le haghaidh cánacha carbóin ar ghás nádúrtha agus ar bhreosla soladach**

| Próiseas | Cáin charbóin ar gháis nádúrtha | Cáin charbóin ar bhreosla soladach |
|---|---|---|
| **Comhdú agus íoc** | Tuairisceáin dhémhíosúla a chomhdú agus a íoc le haghaidh gach tréimhse faoin lá deiridh den mhí dá éis sin, i.e. ní mór tuairisceán mhí Eanáir agus mhí Feabhra a chomhdú agus a íoc faoin 31 Márta. Ní mór tuairisceáin a chomhdú fiú más nialas an dliteanas don tréimhse sin. | |
| **Arna mhonatóiriú ag** | Oifig an Ard-Bhailitheora | |
| **Mura gcomhdaítear an tuairisceán faoin dáta dlite** | Eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim meastachán ar an méid atá dlite agus beidh an soláthróir faoi dhliteanas i leith an mhéid sin | |
| **Mura n-íocann an soláthróir an méid sin** | Téann na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh le gníomh forfheidhmiúcháin[a]; fabhraítear ús ar íocaíochtaí déanacha tar éis an dáta dlite | Idir seacht agus deich lá tar éis an t-éileamh deiridh a eisiúint, téann na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh le gníomh forfheidhmiúcháin; fabhraítear ús ar íocaíochtaí déanacha tar éis an dáta dlite |
| **Ráta comhlíontachta maidir le comhdú agus íoc** | 100%[b] | 63% |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Níl aon dáta faoina rachadh na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh leis an ngníomh sonraithe go fóill. Tugtar faoi deara go bhfuil sé sin amhlaidh toisc go bhfuil comhlíontacht 100% ann i gcás soláthróirí gáis nádúrtha cláraithe.

b Mar gheall ar an ráta comhlíontachta 100%, ní raibh gá le gníomh forfheidhmiúcháin go dtí seo i ndáil le tuairisceáin agus íocaíochtaí cánach carbóin ar ghás nádúrtha.

## Idirghabhálacha comhlíontachta

### *Cáin ola mianra*

**18.17** Idir 2020 agus 2023, bhí LCD i mbun 365 idirghabháil maidir leis an gcáin ola mianra. Ba é a tháinig as cúig cinn de na hidirghabhálacha sin ná toradh cánach breise, ar luach díreach os cionn €6 mhilliún (ús agus pionóis san áireamh). Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an toradh a thaifeadadh faoin gceannteideal cánach le haghaidh cáin ola mianra — ní roinntear an méid idir na comhpháirteanna carbóin agus neamhcharbóin toisc gur muirear aonair dleachta máil é. Thug Rannóg na bhFiontar Meánmhéide de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim faoi 60 idirghabháil bhreise maidir leis an gcáin ola mianra ach ní raibh aon toradh ann ó na hidirghabhálacha sin.

### *Cáin charbóin ar ghás nádúrtha*

**18.18** Idir 2020 agus 2023, cuireadh 99 idirghabháil chomhlíontachta i gcrích faoin gceannteideal cánach le haghaidh cáin charbóin ar ghás nádúrtha, agus as an méid sin, ba é €97,000 (ús agus pionóis san áireamh) an toradh a bhí ar chúig cinn. Bailíodh beagnach 60% den toradh ó chuideachta amháin. Tar éis iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim le tabhairt faoi fhéinmheasúnú, rinne an chuideachta nochtadh cáilitheach gan iarraidh maidir le tuairisceáin faoi bhun luacha.[1] Cuimsítear leis an gcuid eile den toradh athbhreithnithe ar éilimh ar aisíocaíocht a ndearnadh athbhreithniú síos orthu i ngeall ar ríomhanna míchearta, agus éileamh amháin ar aisíocaíocht a bhí neamhbhailí toisc go raibh sé lasmuigh de na teorainneacha ama chun iarratas a dhéanamh.

### *Cáin charbóin ar bhreosla soladach*

**18.19** Idir 2020 agus 2023, tugadh faoi 103 idirghabháil chomhlíontachta faoin gceannteideal cánach le haghaidh cáin charbóin ar bhreosla soladach arbh é thart ar €291,000 an toradh a bhí orthu (ús agus pionóis san áireamh), a d’eascair as sé chás a raibh toradh orthu. As an méid sin, bailíodh €203,000 (70%) ó dhá chuideachta ghaolmhara. Tháinig an idirghabháil chun cinn de bharr faisnéise a fuarthas ó *HM Revenue and Customs* i dTuaisceart Éireann.[2] Tar éis an comhfhreagras a fháil ó *HM Revenue and Customs*, tharraing na Coimisinéirí Ioncaim ceist anuas leis na cuideachtaí, a chuir nochtadh spreagtha isteach dá thoradh sin.

**18.20** In 2023, thug Rannóg na bhFiontar Meánmhéide de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim faoi thionscadal comhlíontachta um cháin charbóin ar bhreosla soladach. Ba é aidhm an tionscadail ná trádálaithe breosla sholadaigh na hÉireann a shainaithint a bhféadfadh sé go bhfuair siad breosla soladach ó thaobh amuigh den Stát agus go ndearna siad an chéad soláthar den bhreosla sin sa Stát, ach nár chláraigh siad mar sholáthróir breosla sholadaigh. Roghnaíodh 33 cás lena n-athbhreithniú

- Roghnaíodh 21 cás toisc gur bhain siad le ceannacháin os cionn €100,000 in 2020 ó sholáthróirí breosla sholadaigh féideartha nach raibh cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- Bhain 12 chás le trádálaithe breosla sholadaigh cláraithe a roghnaíodh ar mhaithe le cruinneas a dtuairisceán a fhíorú.

**18.21** As na 33 cás a roghnaíodh lena n-athbhreithniú,

- Dúnadh 23 cinn gan aon ghníomh eile a bheith de dhíth.
- Cuireadh deich gcinn ar aghaidh chuig idirghabháil, agus tugadh ocht gcás chun críche as ar tháinig toradh díreach os cionn €884,000 (ús agus pionóis san áireamh). Tá an dá chás eile fós ar siúl.

**18.22** Áiríodh i bplean gnó 2023 le haghaidh Rannóg Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim gníomhartha comhlíontachta don cháin charbóin ar bhreosla soladach arbh é an toradh a bhí orthu ná gur cuireadh tús le tionscadal comhlíontachta um cháin charbóin ar bhreosla soladach. Bhí sé d’aidhm ag an tionscadal faisnéis a bhailiú agus measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le trádálaithe neamhchláraithe chun gníomhaíocht chomhlíontachta leanúnach a stiúradh. Roghnaíodh cásanna ó thrádálaithe um cháin charbóin ar bhreosla soladach cláraithe agus neamhchláraithe araon arbh eol go raibh siad ag díol breoslaí soladacha. Tugadh 184 teagmháil chomhlíontachta san iomlán chun críche go dtí seo, lena n-áirítear 151 cuairt rialaithe ó fhoirne máil nó geilleagair dhuibh. I mí Lúnasa 2024, bhí 19 idirghabháil ar siúl mar chuid den tionscadal.

1 Is éard is nochtadh cáilitheach gan iarraidh ann ná nochtadh a dhéantar tráth ar bith sula n-eisítear litir fógartha iniúchta ó na Coimisinéirí Ioncaim nó sula gcuirtear tús le himscrúdú.

2 Tá ‘cúnamh frithpháirteach’ ar fáil idir údaráis chánach na dtíortha laistigh den Aontas Eorpach faoi Threoir AE 2010/24/AE. Faoin Treoir sin, féadfar faisnéis maidir le cáiníocóir a iarraidh nó a roinnt ó bhallstát amháin go chéile. Tá feidhm ag an Treoir sin i gcónaí maidir leis an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe go dtí an 31 Nollaig 2025.

## Aisíocaíochtaí cánach carbóin

**18.23** Tá faoiseamh iomlán nó páirteach éagsúil ar fáil ó cháin charbóin a ghearradh, cuid acu a fheidhmíonn trí loghadh (i.e. faoiseamh a sholáthraítear ag an bhfoinse) agus cuid eile a fheidhmíonn mar aisíocaíocht.

### *Aisíocaíochtaí cánach ola mianra*

**18.24** Tá faoiseamh iomlán ó na comhpháirteanna carbóin agus neamhcharbóin de cháin ola mianra ar fáil i gcúinsí áirithe e.g. do bhreosla a sholáthraítear chun críche loingseoireachta farraige tráchtála. Baineann faoiseamh ón gcomhpháirt charbóin de cháin ola mianra le bithbhreoslaí agus le breosla a sholáthraítear le haghaidh úsáidí áirithe amhail suiteálacha atá cumhdaithe ag ceadúnas gás ceaptha teasa. Is gnách go n-oibríonn faoisimh úsáideoirí deiridh trí aisíocaíocht a éilítear tríd an gcóras ríomh-aisíocaíochta cánach ola mianra.

**18.25** In 2023, d’éiligh 208 cáiníocóir, nó 34% díobh siúd a cláraíodh, aisíocaíocht ar chomhpháirt charbóin na cánach ola mianra, ar luach €16.1 milliún san iomlán. Mar chuid den imscrúdú sin, roghnaíodh sampla de 15 aisíocaíocht ar luach €1.2 milliún le haghaidh athbhreithnithe, agus níor tugadh aon ábhar imní faoi deara.

### *Aisíocaíochtaí cánach carbóin ar ghás nádúrtha agus ar bhreosla soladach*

**18.26** Tá faoiseamh iomlán nó páirteach ar fáil ó cháin charbóin ar ghás nádúrtha agus ó cháin charbóin ar bhreosla soladach, cuid acu á gcur i bhfeidhm ag an bhfoinse agus cuid eile á n-éileamh trí aisíocaíocht.

**18.27** Roghnaíodh sampla de 15 aisíocaíocht, ar luach €846,000 san iomlán, le haghaidh cáin charbóin ar ghás nádúrtha lena n-athbhreithniú. Fuarthas amach go raibh gach íocaíocht in ord seachas ceann amháin acu. Bhain an t-éileamh a bhí fágtha, níos lú ná €10,000 san iomlán, cé go raibh sé dlite i gceart, le haisíocaíocht na coda carbóin de cháin ola mianra ach taifeadadh go mícheart é mar aisíocaíocht ar cháin charbóin ar ghás nádúrtha.

**18.28** Ní dhearnadh ach dhá aisíocaíocht de cháin charbóin ar bhreosla soladach (níos lú ná €1,000 san iomlán) idir 2019 agus 2023. Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar an dá aisíocaíocht agus níor sonraíodh aon saincheisteanna.

**18.29** Déantar aisíocaíochtaí ar cháin charbóin ar ghás nádúrtha agus cáin charbóin ar bhreosla soladach araon a thaifeadadh ar chóras próiseála éileamh na gCoimisinéirí Ioncaim. Éilítear leis an gcóras seo ar chásoibrithe aisíocaíocht a leithdháileadh ar cheannteideal cánach tríd an gcód cuntais ábhartha a roghnú de láimh ón roghchlár anuas. Fuair an t-imscrúdú amach gur leithdháileadh aisíocaíochtaí i gcásanna áirithe ar chód cuntais mícheart, rud a d’fhág gur taifeadadh an méid faoin gceannteideal cánach mícheart.

**18.30** Mar thoradh air sin, fuair an fhoireann imscrúdaithe nach mbaineann na haisíocaíochtaí atá san áireamh sa Chuntas Ioncaim faoi 'aisíocaíochtaí carbóin' ach leis an gcomhpháirt charbóin den cháin ola mianra amháin.[1] Ní áirítear leo aisíocaíochtaí ar cháin charbóin ar ghás nádúrtha nó cáin charbóin ar bhreosla soladach. Mar sin féin, tá leibhéal na n-aisíocaíochtaí don dá cheannteideal cánach neamhábhartha.

**18.31** Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim gur tugadh isteach córas próiseála éileamh nua le haghaidh aisíocaíochtaí ar cháin charbóin ar ghás nádúrtha i mí Eanáir 2024 agus gur sannadh cód sonrach do na haisíocaíochtaí ar cheart dóibh saincheisteanna mí-rangaithe comhchosúla a chosc as amach anseo.

## Fiach-urrú na gcistí cánach carbóin

**18.32** Tá trí chéim ar leith sa bheartas leithdháilte cánach carbóin ó tugadh isteach an cháin. Ó dheireadh 2009 go 2019, tugadh isteach cáin charbóin go hincriminteach chun gach breosla iontaise a chumhdach, agus cuireadh roinnt méaduithe sa mhuirear i bhfeidhm thar an tréimhse sin. Tarchuireadh gach fáltas ón gcáin chuig Príomh-Chiste an Státchiste.

**18.33** Mar chuid de Bhuiséad 2020, d'fhógair an tAire Airgeadais go ndéanfaí an t-ioncam réamh-mheasta arna ardú €6 in aghaidh an tonna ar an gcáin charbóin in 2020 a imfhálú chun críocha sonracha áirithe: chun iad siúd is mó atá faoi lé costais bhreosla agus fuinnimh níos airde a chosaint; tacú le haistriú cóir d'oibrithe easáitithe; agus infheistíocht a dhéanamh i ngníomh nua ar son na haeráide. Measadh gurb é €90 milliún an méid iomlán cánach breise agus dúradh go ndéanfadh an Roinn Caiteachais Phoiblí é sin a leithdháileadh ar dheich bheart shonracha thar cúig roinn. Leantar de bheith ag maoiniú gach ceann de na bearta seachas ceann amháin díobh (clár píolótach aonuaire €20 milliún athghiniúna tithíochta), lena leithdháiltear €70 milliún ó na cistí cánach carbóin ar bhonn bliantúil.

**18.34** Gheall Clár 2020 an Rialtais an cháin charbóin a ardú go hincriminteach gach bliain chun ráta cánach €100 in aghaidh an tonna a bhaint amach faoi 2030. Gheall sé freisin fáltais na n-arduithe ar an gcáin charbóin idir 2021 agus 2030 a 'fhiach-urrú' chuig cláir chaiteachais ar leith thar thrí roinn.[2] Measadh i gClár an Rialtais go mbaileodh na harduithe cánach €9.5 billiún go dtí 2030. Dúradh sa doiciméad go n-úsáidfí an maoiniú mar seo a leanas

- €3 billiún chun bochtaineacht breosla a chosc agus chun 'aistriú cóir' a chinntiú trí thionscnaimh leasa shóisialaigh spriocdhírithe agus tionscnaimh eile
- €5 billiún chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar chlár náisiúnta iarfheistithe a dhíríonn ar gach teach ach le béim ar leith ar an réigiún lár na tíre agus ar thionóntachtaí sóisialta agus ísealioncaim
- €1.5 billiún chun feirmeoirí a spreagadh agus a dhreasú chun feirmeoireacht a dhéanamh ar bhealach níos glaise agus níos inbhuanaithe.

1 Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát (féach Nóta 13: Dleacht mháil).


2 Is éard atá i gceist le fiach-urrú cánach ná díograis an ioncaim ó cháin ar leith chun críche caiteachais áirithe.

**18.35** Bhí sé i gceist i gClár an Rialtais, 2020, go rithfí reachtaíocht maidir leis an bhfiach-urrú agus go ndéanfaí an t-ioncam breise ón gcáin charbóin a bhainistiú tríd an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Ní dheachaigh an reachtaíocht ar aghaidh, áfach.[1] Ina áit sin, leantar de bheith ag íoc fáltais ó na méaduithe ar an gcáin charbóin, mar aon le fáltais eile, isteach i bPríomh-Chiste an Státchiste. Vótáiltear cistí Státchiste ansin do chláir atá nasctha leis na fáltais ó cháin charbóin.[2] Déantar maoiniú den chineál sin a riar ar an mbealach céanna le cistí eile a vótáiltear agus, mar thoradh air sin, ní bhíonn aon chuid den mhaoiniú nach bhfuil caite ag ranna i rith na bliana (agus nár tugadh anonn trí shocruithe foirmiúla le haghaidh géilleadh iarchurtha de chaipiteal neamhchaite faoi dhliteanas é a thabhairt ar ais don Státchiste ag deireadh na bliana.

**18.36** Léirítear i bhFíor 18.4 na glanfháltais ó cháin charbóin a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim idir 2020 agus 2023 agus an maoiniú fiach-urraithe a leithdháileadh ar vótaí/ranna thar an tréimhse sin. B'ionann an maoiniú fiach-urraithe agus €1.36 billiún do na ceithre bliana. Dáileadh sin thar chúig vóta.

**18.37** Ó 2021 i leith, leithdháileann an Roinn Caiteachais Phoiblí an maoiniú fiach-urraithe go bliantúil agus é d'aidhm aici leithdháileadh cothrom a bhaint amach (go 2030) de na fáltais mheasta €9.5 billiún, arna ríomh in 2020, atá le giniúint sna blianta atá le teacht trí mhéaduithe ar an ráta cánach carbóin.[3] Dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí go gcoimeádtar é seo faoi athbhreithniú bliantúil maidir le fáltais bhreise a bhfuiltear ag súil leo.

**Fíor 18.4 Glanfháltais cánach carbóin agus maoiniú fiach-urraithe, 2020 – 2023**




Foinse: Foilseachán na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Roinne Caiteachais Phoiblí ar úsáid cistí cánach carbóin do na blianta 2020 go 2023

1 Dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí go gcuirtear teorainn €150 milliún in aghaidh na bliana ar chaiteachas ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide mar gheall ar rialacha státchabhrach an Aontais Eorpaigh. Mar thoradh air sin, ní bheadh sé indéanta spriocanna Chlár an Rialtais a bhaint amach tríd an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide agus measadh gurb é an cur chuige leithdháilte a roghnaíodh an bealach is fearr chun éifeacht a thabhairt don ghealltanas.

2 Áirítear le méideanna na meastachán athbhreithnithe bliantúil arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí tábla ina leagtar amach conas a leithdháiltear ioncam réamh-mheasta a bheidh le ghearradh trí mhéaduithe ar an ráta cánach carbóin mar mheastacháin vótáilte do chláir agus scéimeanna áirithe. Féach [Aguisín 7 de na Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2024].

3 Déanann an Roinn foilseachán bliantúil, tráth an Bhuiséid, ina leagtar amach conas a leithdháiltear na cistí breise cánach carbóin — féach foilseachán Bhuiséad 2024 [anseo].

**18.38** Mar chuid den imscrúdú sin, rinneadh athbhreithniú ar an €1.36 billiún de mhaoiniú a leithdháileadh ar na cúig vóta ó na méaduithe ar an gcáin charbóin idir 2020 agus 2023 d'fhonn a dheimhniú

- gur caitheadh na méaduithe sa mhaoiniú cánach carbóin a leithdháileadh ar na ranna ar na tionscnaimh shonraithe
- cibé ar caitheadh na suimeanna ina n-iomláine, ar iarchuireadh iad go dtí an bhliain dár gcionn (i gcás maoiniú caipitil) nó ar tugadh ar ais iad don Státchiste tríd an bPríomh-Chiste.

### *Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid*

**18.39** Idir 2020 agus 2023, leithdháileadh €660.5 milliún san iomlán i maoiniú caipitil ó chistí a bhaineann le cáin charbóin ar Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid, arna dháileadh mar seo a leanas

- €619 milliún le haghaidh infheistíochta i gcláir um éifeachtúlacht fuinnimh chónaithe agus phobail.
- €24 mhilliún don Chiste um Aistriú Cóir chun tacú le pobail atá buailte ag dícharbónú an gheilleagair.
- €8 milliún chuig ceangaltais idirnáisiúnta ar athrú aeráide.
- €9.5 milliún le hinfheistiú i dtionscnaimh aistrithe ísealcharbóin, mar shampla leanúint ar aghaidh le deontais feithiclí leictreacha agus infheistíocht i mbonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha.[1]

**18.40** As an €660.5 billiún a leithdháileadh

- Caitheadh €482.1 milliún (73%) ar na tionscnaimh ábhartha[2]
- Bhí €178.4 milliún nár caitheadh fágtha ag deireadh na bliana faoi seach agus tugadh ar ais don Státchiste é.

### *Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir*

**18.41** Idir 2020 agus 2023, leithdháileadh €110 milliún comhiomlán ar Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara do thionscadail talmhaíochta glaise — €98 milliún i gcaiteachas reatha agus €12 mhilliún i gcaiteachas caipitil. As na suimeanna buiséid sin, caitheadh €45.4 milliún (41%) san iomlán ar thionscadail talmhaíochta glaise agus bhí €64.6 milliún (59%) fós nár caitheadh. As an €64.6 billiún nár caitheadh,

- Bhain €60.6 milliún le caiteachas reatha agus tugadh ar ais don Státchiste é sa Phríomh-Chiste
- Cuireadh €4 mhilliún de chaiteachas caipitil siar agus tugadh ar aghaidh é go dtí an bhliain bhuiséid ina dhiaidh sin (le faomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí), ach níor ath-leithdháileadh é ar na scéimeanna a fhaigheann tacaíocht ó cháin charbóin.

1 Ó 2021 i leith, leanadh le maoiniú do thionscnaimh aistrithe ísealcharbóin faoi shainchúram na Roinne Iompair.

2 In 2021, tar éis an deimhniú ábhartha a fháil, aistríodh €160 milliún ó Vóta 29 go dtí an Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Bhí €100 milliún den aistriú mar mhaoiniú ón méadú a tháinig ar mhaoiniú cánach carbóin. As an €100 milliún sin, caitheadh €60 milliún ar scéimeanna deontas éifeachtúlachta fuinnimh agus €40 milliún ar an scéim ráthaíochta um iasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh in 2022 agus 2023.

### *Vóta 31 Iompar*

**18.42** Idir 2020 agus 2023, leithdháileadh €70.5 milliún i maoiniú caipitil ar Vóta 31 Iompar ó chistí a bhain le cáin charbóin chun tacú le cláir aistrithe ísealcharbóin, agus uaidh sin infheistíodh i ndeontais cheannaigh feithiclí leictreacha, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha agus infheistíodh i nglasbhealaí agus i mbonneagar rothaíochta uirbí. Cuireadh an maoiniú sin ar fáil faoi dhá fho-cheannteideal cláir a bhí ann cheana.

**18.43** As an iomlán a leithdháileadh, caitheadh €49 milliún (70%) ar na tionscnaimh ábhartha. As an €21.5 billiún nár caitheadh,

- Tugadh €0.5 milliún ar ais don Státchiste tríd an bPríomh-Chiste.
- Cuireadh €9 milliún siar agus tugadh ar aghaidh é go dtí na blianta atá le teacht, ach níor leithdháileadh é ar na cláir a bhí le maoiniú ón méadú ar na cistí cánach carbóin.
- Cuireadh €12 mhilliún nár caitheadh ag deireadh 2023 siar agus tugadh ar aghaidh é le caitheamh ar thionscnaimh ábhartha in 2024.

### *Vóta 34 – Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht*

**18.44** Idir 2020 agus 2023, leithdháileadh €40 milliún de mhaoiniú caipitil ar Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht ó chistí a bhain le cáin charbóin — €20 milliún le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar thithíocht shóisialta i lár na tíre agus €20 milliún le haghaidh athchóiriú, caomhnú agus bainistiú tailte móna faoi chosaint.

**18.45** As an €20 milliún a leithdháileadh ar an gclár athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh tithíochta sóisialta, caitheadh €3.8 milliún (19%) ar an gclár agus tugadh €16.2 milliún (81%) ar ais don Státchiste.

**18.46** As an €20 milliún a leithdháileadh ar athchóiriú tailte móna, caitheadh €12.7 milliún (63%) ar athchóiriú tailte móna. As an €7.3 milliún nár caitheadh ag deireadh 2023,

- Tugadh €4.3 milliún ar ais don Státchiste
- Tugadh €3 mhilliún ar aghaidh ag deireadh 2023 chun an clár athchóirithe tailte móna in 2024 a mhaoiniú.

### *Vóta 37 Coimirce Shóisialach*

**18.47** Idir 2020 agus 2023, leithdháileadh €482 mhilliún de chaiteachas reatha ó chistí a bhain le cáin charbóin ar Vóta 37 Coimirce Shóisialach. Leithdháileadh an maoiniú chun breisiú a dhéanamh ar cheithre íocaíocht cosanta sóisialta spriocdhírithe reatha, mar a leagtar amach i bhFíor 18.5.

**Fíor 18.5 Léithdháileadh an mhéadaithe ar chistí cánach carbóin d'íocaíochtaí cosanta sóisialta spriocdhírithe**

| Íocaíocht | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | Íocaíocht iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Liúntas breosla | 21 | 32 | 73 | 98 | **224** |
| Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht | — | — | 8 | 15 | **23** |
| Méadú ar an liúntas maireachtála aonair | — | 18 | 45 | 45 | **108** |
| Méadú ar an íocaíocht linbh cháilithe | — | 19 | 48 | 60 | **127** |
| **Maoiniú cánach carbóin a leithdháileadh** | **21** | **69** | **174** | **218** | **482** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**18.48** As an €482 mhilliún sin,

- Leithdháileadh €224 mhilliún chun na harduithe ar an liúntas breosla a mhaoiniú, caitheadh €222 mhilliún (99%) de mar a bhí beartaithe agus géilleadh €2 mhilliún.[1]
- Leithdháileadh €23 mhilliún chun na méaduithe ar an íocaíocht do theaghlaigh i bhfostaíocht a mhaoiniú, agus caitheadh an méid sin go léir sna blianta ábhartha.
- Leithdháileadh €108 milliún ar arduithe ar an liúntas maireachtála aonair agus leithdháileadh €127 milliún chun méaduithe ar an íocaíocht um leanbh cáilithe a mhaoiniú.

Is éard atá sa dá íocaíocht dheireanacha ná forlíontaí a íoctar i dteannta le tacaí ráta pearsanta lárnach ar réimse leathan scéimeanna cosanta sóisialta, ag brath ar chúinsí an duine aonair. Dúirt an Roinn Coimirce Sóisialaí go ngearrtar caiteachas ar na liúntais sin mar ghné den chaiteachas thar réimse leathan fo-cheannteideal scéime, seachas mar fho-cheannteidil vóta aonair áirithe. Níorbh fhéidir, dá bhrí sin, breisíocht an chaiteachais seo, ná a mhéid is féidir é a chur i leith caiteachas cánach carbóin, a dhearbhú.

### *Olltoradh caiteachais foriomlán*

**18.49** As an €1.36 billiún de mhaoiniú a leithdháileadh ar vótaí ó na méaduithe ar an gcáin charbóin idir 2020 agus 2023, ní féidir a dheimhniú gur caitheadh ach 61% ar na spriocréimsí.

**18.50** Ag teacht le forálacha Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí, is féidir maoiniú caipitil nach bhfuil caite ag deireadh bliana féilire a thabhairt ar aghaidh (laistigh de theorainneacha áirithe) go dtí an bhliain dár gcionn. Mar sin féin, úsáideadh €13 mhilliún as an €28 milliún de mhaoiniú cánach carbóin a iarchuireadh idir 2020 agus 2023 dá éis sin ar chláir nár spriocdhíríodh le haghaidh maoiniúcháin ó na méaduithe ar an gcáin charbóin.

1 Tugadh €2 mhilliún ar ais don Státchiste in 2020. Idir 2021 agus 2023, caitheadh na leithdháiltí bunaidh ina n-iomláine, agus bhí forlíonadh ag teastáil chun róchaiteachas ar an bhfotheideal a chúiteamh.

**18.51** I gcás ina leithdháiltear maoiniú ar chlár agus nach bhfuil sé caite ag deireadh na bliana ábhartha (nó faoi dheireadh na bliana ina dhiaidh sin i gcás maoiniú caipitil arna iarchur), tugtar ar ais don Státchiste é, agus ní bhíonn feidhm ag an bhfiach-urrú nó an leithdháileadh sonrach a thuilleadh. B'amhlaidh a bhí cúrsaí i gcás €262 mhilliún (19%) den mhaoiniú arna leithdháileadh idir 2020 agus 2023. I ndáil leis an leibhéal tearc-chaithimh i rith na tréimhse sin, dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí go raibh tionchar ag tosca móra comhshaoil ar an dul chun cinn ar phríomhscéimeanna áirithe (e.g. an scéim Tithe Níos Teo), mar atá na srianta sláinte poiblí a forchuireadh mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus na tionchair ar an slabhra soláthair a bhain leis an gcogadh san Úcráin.

**18.52** As an €482 mhilliún a leithdháileadh ar an Roinn Coimirce Sóisialaí idir 2020 agus 2023, bhain beagnach 50% den mhéid sin le híocaíochtaí nach dtaifeadtar i bhfo-cheannteidil aonair ar leith ina gcuntais. Mar thoradh air sin, níorbh fhéidir na méideanna sin a rianú agus a dheimhniú gur caitheadh iad ar na scéimeanna nó na cláir ar leith ar leithdháileadh iad lena n-aghaidh.

### *Méadracht feidhmíochta*

**18.53** Chuaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí i gcomhairle leis na ranna ábhartha chun 23 méadracht feidhmíochta *ex-ante* a fhorbairt le haghaidh na scéimeanna agus na gclár ar leith a fuair maoiniú in 2020 trí na méaduithe ar an gcáin charbóin (féach Aguisín 18C). Foilsíodh na méadrachtaí feidhmíochta, in éindí le spriocanna 2020, mar chuid den *Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2020*.[1]

**18.54** Bhí sé beartaithe go n-áireofaí le meastacháin athbhreithnithe amach anseo le haghaidh seirbhísí poiblí measúnú ar fheidhmíocht na scéimeanna agus na gclár maoinithe i gcomparáid leis an méadracht roghnaithe. Mar sin féin, níor tharla sé sin, in ainneoin go leanann gach ceann de na bearta seachas ceann amháin díobh de leithdháileadh comhcheangailte €70 milliún a fháil ó na cistí cánach carbóin ar bhonn bliantúil. Mhaígh an Roinn Caiteachais Phoiblí go ndéantar tuairisciú feidhmíochta ar na trí réimse leathana maoiniúcháin faoi Chlár an Rialtais 2020 a ghabháil trí thuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht na seirbhíse poiblí agus méideanna athbhreithnithe meastachán.[2]

**18.55** Mhaígh an Roinn Caiteachais Phoiblí gurb iad na ranna a fhaigheann maoiniú i ndáil leis an gcáin charbóin atá freagrach ar deireadh thiar as an méadracht is fearr a léiríonn an tionchar atá ag maoiniú cánach carbóin ar a gcláir a roghnú agus a thuairisciú. Tá feidhm ag an bprionsabal céanna go ginearálta maidir le slata tomhais feidhmíochta atá bainteach le caiteachas vótáilte eile.

1 *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2020*, Aguisín 11.

2 *Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí 2023*; *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2024*.

## Conclúidí

### *Cáin charbóin a bhailiú*

**18.56** Tugadh isteach cánacha carbóin ar bhreoslaí iontaise in Éirinn ar bhonn céimnithe ó mhí na Nollag 2009 i leith. Tá rátaí cánach carbóin bunaithe ar mhéid a mhuirearú in aghaidh an tonna astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin. Tháinig méadú ar an ráta cánach carbóin i gcaitheamh na mblianta, agus tá na rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair bunaithe ar €56 a mhuirearú in aghaidh an tonna dé-ocsaíde carbóin a astaítear. Idir 2020 agus 2023, is amhlaidh atá méadú faoi dhó i ndiaidh teacht ar fháltais chánach carbóin ó €494 mhilliún go €935 mhilliún.

**18.57** Idir 2020 agus 2023, bhí LCD i mbun 365 idirghabháil maidir leis an gcáin ola mianra, agus ba é a tháinig as cúig cinn díobh sin ná toradh cánach breise ar luach díreach os cionn €6 mhilliún (ús agus pionóis san áireamh). Rinne na Coimisinéirí Ioncaim díreach os cionn 200 idirghabháil maidir leis an gcáin charbóin ar bhreosla soladach agus ar ghás nádúrtha i gcaitheamh na tréimhse céanna a raibh toradh beagnach €400,000 orthu (ús agus pionóis san áireamh).

### *Cáin charbóin a leithdháileadh*

**18.58** Ó 2020 i leith, tá méaduithe bliantúla ar an gcáin charbóin á gcur chun feidhme, agus é de chuspóir acu ráta €100 in aghaidh an tonna dé-ocsaíde carbóin a bhaint amach faoi 2030. An tráth céanna, tá cuspóir ann úsáid a bhaint as an toradh ioncaim breise ó mhéaduithe ar an gcáin charbóin i gcaitheamh na tréimhse 2021 go 2030 chun tacú le scéimeanna agus cláir i roinnt réimsí beartais ar leith, a bhfuil sé d’aidhm acu tearcrochtain fuinnimh a chosc, aistriú cóir a áirithiú, clár náisiúnta um iarfheistiú a pháirtmhaoiniú agus dreasachtaí a thabhairt d’fheirmeoirí le feirmeoireacht a dhéanamh ar bhealach níos glaise agus níos inbhuanaithe.

**18.59** Le córas na hÉireann um airgeadas rialtais láir, éilítear go dtaisctear gach fáltas le Príomh-Chiste an Státchiste, mura bhforáiltear a mhalairt leis an dlí, e.g. trí chiste reachtúil a chur ar bun chun fáltais shonraithe a shealbhú, le húsáid chun críoch atá sainmhínithe go dlíthiúil (agus chucu sin amháin). Tá acmhainní an Phríomh-Chiste ar fáil ina n-iomláine le leithreasú ar mhaithe lena gcaitheamh ag Dáil Éireann trí na próisis bhliantúla um meastacháin agus cuntasacht.

**18.60** Bhí sé beartaithe an tráth sin go rithfí reachtaíocht maidir le fiach-urrú na méaduithe ar cháin ó 2021 ar aghaidh agus go ndéanfaí an t-ioncam breise ón gcáin charbóin a bhainistiú tríd an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Mar sin féin, ní dheachthas ar aghaidh leis an reachtaíocht agus táthar i mbun bainistiú ar na méideanna tríd an bPríomh-Chiste i gcónaí.

**18.61** In éagmais na reachtaíochta a bhí beartaithe, d’fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí creat chun maoiniú vóta breise atá nasctha leis na méaduithe ar fháltais cánach carbóin a leithdháileadh. Ullmhaíonn an Roinn tuarascáil gach bliain ina leagtar amach an chaoi a bhfuil an maoiniú cánach carbóin á leithdháileadh, lena n-áirítear mionsonraí maidir leis na cláir atá á maoiniú agus an chaoi a bhfuil sé beartaithe an maoiniú a úsáid. Mar sin féin, níl aon sásra i bhfeidhm chun maoirseacht ná monatóireacht lárnach a dhéanamh ar bhonn comhiomlán ar an méid den mhaoiniú leithdháilte atá á chaitheamh iarbhír ar na scéimeanna agus na cláir spriocdhírithe. Gan córas lárnach rianaithe a bheith i bhfeidhm, ní bheifear in ann a rá, i gcaitheamh nó ag deireadh na tréimhse 2021 – 2030, cé mhéad den €9.5 billiún atá le leithdháileadh ó fháltais cánach carbóin a bheidh caite iarbhír sna réimsí spriocdhírithe.

**18.62** Idir 2020 agus 2023, rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí €1.36 billiún de mhaoiniú a leithdháileadh ar chúig vóta roinne le haghaidh gníomhaíocht bhreise a bhaineann leis an gciste carbóin. Bhí patrún comhsheasmhach tearc-chaithimh ann ar na scéimeanna agus an cláir spriocdhírithe sna ceithre bliana sin, cé gur cheart breathnú air sin i gcomhthéacs thosca na timpeallachta beartais amhail na srianta sláinte poiblí a forchuireadh mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus na tionchair ar an slabhra soláthair a bhain leis an gcogadh san Úcráin.

**18.63** Ar an iomlán, ní féidir a dhearbhú ach amháin i gcás 61% den mhaoiniú €1.36 billiún a cuireadh i leataobh gur caitheamh ar na scéimeanna agus na cláir spriocdhírithe é. I gcomhréir le gnáthrialacha maidir le maoiniú vóta, tugadh an 19% de na cistí leithdháilte nár caitheadh ar ais don Státchiste. Leithdháileadh thart ar 17% den mhaoiniú ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ach níor taifeadadh i bhfo-cheannteidil shonracha um ‘maoiniú cánach carbóin’ é — níorbh fhéidir na méideanna sin a scaradh agus a dheimhniú gur baineadh amach an bhreisíocht a bhí beartaithe.

**18.64** D’fhorbair an Roinn Caiteachais Phoiblí 23 méadracht *ex-ante* (féach Aguisín 18C), i gcomhar leis na ranna ábhartha, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir 2020. Níor iarradh feidhmíocht in aghaidh mhéadracht 2020 ar bhonn córasach ó na ranna ábhartha agus ní dhearnadh tuairisciú uirthi. Ní dhearnadh an mhéadracht feidhmíochta a nuashonrú tar éis an athraithe beartais nuair a foilsíodh an Clár Rialtais i 2020. Dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí go ndearnadh an fheidhmíocht a ghabháil, ina ionad sin, trí *Thuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí* agus tríd an *Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe*, de réir an bheartais chaighdeánaigh i ngach réimse caiteachais.

**18.65** Is éard is cáin fiach-urraithe ann cáin ina bhféachtar le nasc trédhearcach, indeimhnithe a dhéanamh idir ioncam cánach a bailíodh agus an bealach a ndéantar an maoiniú sin a chur i bhfeidhm. Féadtar é sin a éascú trí struchtúr ciste reachtúil. Tá sé i bhfad níos dúshlánaí iarracht a dhéanamh nasc agus trédhearcacht den chineál céanna a bhaint amach laistigh den ghnáthchreat caiteachais vótáilte.

**18.66** Cé go ndeachaidh an próiseas meastúcháin vótáilte i bhfeidhm ar an nasc beartaithe idir fáltais ón gcáin charbóin (incriminteacha) agus spriocréimsí caiteachais, tá sé deacair an toradh caiteachais a shainaithint, agus is cosúil nár cuireadh cuid shuntasach den chaiteachas beartaithe i gcrích.

**18.67** D’fhéadfadh an trédhearcacht maidir le bailiú, cruinniú agus cur i bhfeidhm na bhfáltas ón gcáin charbóin (incriminteacha) a fheabhsú trí thuarascáil bhliantúil ar leith a thiomsú, fiú má bhíonn sé ar bhonn neamhreachtúil. Mar sin féin, seo ceist bheartais, agus níl aon mholadh á dhéanamh anseo ina leith sin.

## Iarscríbhinn 18A Teacht chun cinn na cánach carbóin

I dTábla 18A.1 léirítear teacht chun cinn na cánach carbóin ó tugadh isteach i mí na Nollag, 2009, í. Cuireadh an cháin i bhfeidhm i dtrí chéim chun breoslaí iompair, breoslaí neamh-iompair agus breoslaí soladacha a chumhdach.[1] Rinneadh méaduithe céimnithe ar rátaí cánach carbóin thar na blianta agus tá na rátaí reatha (2024) bunaithe ar €56 a mhuirearú in aghaidh gach tonna de dhé-ocsaíd charbóin a astaítear.

**Tábla 18A.1 Teacht chun cinn na cánach carbóin**

| | |
|---|---|
| **Nollaig 2009** | **Buiséad 2010**<br>Cáin charbóin nua ar bhreoslaí iontaise a chuirtear i bhfeidhm ar pheitril agus ar mhótardhíosal ón 10 Nollaig 2009. Bhí sí bunaithe ar €15 a mhuirearú in aghaidh gach tonna de dhé-ocsaíd charbóin a astaítear. |
| **Bealtaine 2010** | Cáin charbóin a leathnaíodh chuig olaí mianra eile agus gás nádúrtha ón 1 Bealtaine 2010 (€15 a mhuirearú in aghaidh gach tonna de dhé-ocsaíd charbóin a astaítear freisin). |
| **Nollaig 2011 agus Bealtaine 2012** | **Buiséad 2012**<br>Méadaíodh an méid a bhí le muirearú in aghaidh gach tonna de dhé-ocsaíd charbóin a astaítear, ó €15 go €20 ar pheitril agus ar mhótardhíosal ón 7 Nollaig 2011 agus ar olaí mianra eile agus ar ghás nádúrtha ón 1 Bealtaine 2012. |
| **Bealtaine 2013** | **Buiséad 2013**<br>Leathnaíodh an cháin charbóin chuig breoslaí soladacha. Cuireadh tús leis ón 1 Bealtaine 2013 bunaithe ar €10 a mhuirearú ar gach tonna de dhé-ocsaíd charbóin a astaítear. |
| **Bealtaine 2014** | Méadaíodh an méid a bhí le muirearú ar bhreoslaí soladacha ó €10 go €20 in aghaidh gach tonna de dhé-ocsaíd charbóin a astaítear ó 1 Bealtaine 2014, agus é ag ailíniú leis an méid a bhí le muirearú ar olaí mianra agus ar ghás nádúrtha. |
| **Deireadh Fómhair 2019 agus Bealtaine 2020** | **Buiséad 2020**<br>Méadaíodh an cháin charbóin le €6 (go €26) in aghaidh gach tonna de dhé-ocsaíd charbóin a astaítear, ón 9 Deireadh Fómhair 2019 ar pheitril agus ar mhótardhíosal agus ón 1 Bealtaine 2020 ar olaí mianra, ar ghás nádúrtha agus ar bhreoslaí soladacha. |
| **Deireadh Fómhair 2020** | **Buiséad 2021**<br>Méaduithe bliantúla ar cháin charbóin de €7.50 in aghaidh gach tonna go dtí 2029 agus €6.50 i 2030, sa chaoi is go mbainfidh an cháin €100 in aghaidh an tonna amach faoi 2030.[a] |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Titeann méaduithe bliantúla ar an ráta cánach carbóin amach in dhá chéim – ar oíche an Bhuiséid le haghaidh peitril agus mótardhíosail, agus ón 1 Bealtaine an bhliain dár gcionn le haghaidh olaí mianraí eile, gás nádúrtha agus breoslaí soladacha, chun a bheith ag teacht le deireadh na tréimhse téimh a bhfuiltear ag súil leis.


1 Tagraíonn breoslaí neamh-iompair do cheirisín, ola gháis mharcáilte air, gás peitriliam leachtach, ola bhreosla agus gás nádúrtha.

## Iarscríbhinn 18B Cur Chuige maidir le Cáin Charbóin i ndlínsí eile

Ba í an Fhionlainn an chéad tír le cáin charbóin a thabhairt isteach, i 1990. Ó shin i leith, tá 23 thír Eorpacha i ndiaidh cánacha carbóin a thabhairt isteach agus an muirear idir beagán faoi €1 in aghaidh an tonna d’astaíochtaí carbóin sa Pholainn agus san Úcráin go breis agus €100 sa tSualainn, i Lichtinstéin, agus san Eilbhéis (féach Tábla 18B.1). Ba é an meánráta cánach carbóin sna 23 thír Eorpacha €49 i mí Aibreáin 2024.

Cé go bhféadann sé go ndealraíonn sé go bhfuil Éire os cionn an mheáin, níl na muirir seo inchomparáide go díreach i ngeall ar dhifríochtaí maidir le cumhdach agus socruithe eile laistigh de gach tír.

**Tábla 18B.1 Muirear Cánach Carbóin in aghaidh an tonna dé-ocsaíd charbóin a astaítear, Aibreán 2024[a,b]**





Foinse: *Canacha carbóin san Eoraip, Meitheamh 2024, Tax Foundation*

Nótaí: a Níl praghsanna inchomparáide go díreach i ngeall ar dhifríochtaí maidir le cumhdach, comhlíontacht agus socruithe cúitimh.

b Is ionann na praghsanna agus na praghsanna ar 1 Aibreán 2024, nó na praghsanna is deireanaí atá ar fáil roimh 1 Aibreán gach bliain.

Is féidir cánacha carbóin a ghearradh ar chineálacha éagsúla gás ceaptha teasa, amhail dé-ocsaíd charbóin, meatán, ocsaíd nítriúil agus gáis fluairínithe. Tá éagsúlachtaí ann maidir le cur chun feidhme na cánach carbóin ó thír go tír, rud a fhágann go bhfuil difríochtaí ann maidir leis an gcion d'astaíochtaí gás ceaptha teasa atá faoi réir na cánach. Mar shampla, ní bhaineann cáin charbóin na Spáinne ach le gáis fluairínithe nach ndéanann difear ach de 2% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na tíre, agus cumhdaíonn cáin charbóin na hAlbáine 73% dá n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá cáin charbóin na hÉireann bunaithe ar astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus cumhdaíonn sí 34% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an náisiúin (féach Tábla 18B.2). Mar thoradh air seo, rangaítear Éire sa 15ú háit as na 23 thír Eorpacha nuair a dhéantar an céatadán de gháis cheaptha teasa a astaítear a mheas.

**Tábla 18B.2 Sciar céatadáin iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear**




Foinse: *Canacha carbóin san Eoraip, Meitheamh 2024, Tax Foundation*

## Iarscríbhinn 18C Méadracht feidhmíochta *ex-ante* do mhéadú 2020 ar mhaoiniú cánach carbóin

I mBuiséad 2020, d'fhógair an tAire Airgeadais méadú de €6 in aghaidh an tonna sa cháin charbóin mar chéad chéim i dtreo sprioc 2030 le haghaidh €100 in aghaidh an tonna. Measadh go mbaileofar €90 milliún breise i 2020 mar gheall air seo a dhéanfaí a imfhálú chun bearta nua gníomhaithe ar son na haeráide a mhaoiniú. I dTábla 18C.1 leagtar amach na 23 mhéadracht feidhmíochta agus na spriocanna a bhaineann leo do na deich gclár a bhí ag fáil maoiniú in 2020 tríd an méadú ar cháin charbóin.

**Tábla 18C.1 Méadracht feidhmíochta *ex-ante* um cháin charbóin, 2020**

| Clár | Sprioc um Mhéadracht Feidhmíochta |
|---|---|
| Liúntas breosla | ▪ 370,000 teaghlach ag fáil íocaíochtaí méadaithe liúntas breosla<br>▪ €21 mhilliún de mhaoiniú eisíoctha le teaghlaigh ag €56 in aghaidh gach teaghlach |
| Uasghráduithe éifeachtúlachta maidir le bochtaineacht fuinnimh (Tithe Níos Teo) | ▪ 12.4 gigeavata-uair (GWh) de choigiltis fuinnimh<br>▪ 3,100 tonna de laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa<br>▪ Uasghrádú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht fuinnimh i 4000 teach de chuid daoine atá beo le bochtaineacht fuinnimh, nó a bhfuil riosca ann go mbeidh siad beo le bochtaineacht fuinnimh. |
| Scéim Chomhiomlanaithe um Uasghrádú Tithíochta | ▪ 600 – 850 tonna de laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa<br>▪ 2.5 – 3.4 GWh de choigiltis fuinnimh<br>▪ 500 – 700 teach a uasghrádú a bhaineann B2 nó an fheidhmíocht is fearr ó thaobh costas amach |
| Athchóiriú ar thailte móna | ▪ 4,945 tonna d'astaíochtaí gás ceaptha teasa arna leithlisiú in aghaidh na bliana thar thréimhse de idir deich agus 30 bliain<br>▪ 1,800 heicteár de thailte móna a athchóiriú<br>▪ 250 heicteár de phortaigh ardaithe a chruthú le himeacht ama<br>▪ Ardú 10% in airde an mhaoschláir thar gach portach athchóirithe<br>▪ tacaíocht a thabhairt do 100 post (a bheag nó a mhór) |
| An Ciste um Aistriú Cóir | €6 mhilliún de mhaoiniú a eisíoc |
| Glasbhealaigh/rothaíocht uirbeach | ▪ Cúig thionscadal glasbhealaigh breise a mhaoiniú le haghaidh indéantachta/deartha mhionsonraithe/scagadh comhshaoil<br>▪ 4 chiliméadar breise de bhonneagar le haghaidh rothaíocht uirbeach a chur i gcrích/a fheabhsú. |
| Leanúint de na deontais cheannaigh feithiclí leictreacha | ▪ 6,000 deontas ceannaigh feithiclí leictreacha a íoc<br>▪ Laghdú ar 150,000 tonna d'astaíocht gás ceaptha teasa<br>▪ Laghdú 2 mhilliún ar astaíochtaí atá bainteach le truailliú aeir |
| Tacaíochtaí breise do bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha | ▪ 400 pointe luchtaithe sráide a thógáil<br>▪ Deich bpointe athluchtaithe tapa a shuiteáil i moil mhóra iompair atá tiomanta d'fheithiclí seirbhíse poiblí e.g. tacsaithe |
| Ranníocaíocht leis an gCiste Glas don Aeráid | €4 mhilliún de mhaoiniú a thabhairt don Chiste Glas don Aeráid |
| Tionscadail Phíolótacha um Thalmhaíocht Ghlas | 4,400 heicteár de thailte móna faoi úsáid talmhaíochta a athfhliuchadh |

Foinse: Meastacháin Athbhreithnithe do na Seirbhísí Poiblí 2020